An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Márta 2018**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20001/18**

**BXT 25**
**CO EUR 5**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Chomhairle Eorpach (Airt.50) (23 Márta 2018)<br>- Treoirlínte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí[1] i gceangal leis seo na treoirlínte a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuas.

---

1 Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití nó i gcinntí na Comhairle Eorpaí a bhaineann leis an mBallstát sin.

*Treoirlínte - 23 Márta 2018*

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar ar tháinig na hidirbheartaithe maidir le codanna de théacs dlíthiúil an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar lena gcumhdaítear cearta na saoránach, an socrú airgeadais, roinnt saincheisteanna eile a bhaineann leis an tarraingt siar, agus an trasdul. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach nach mór teacht ar chomhaontú fós maidir le saincheisteanna eile agus nach féidir leis an gcaibidlíocht dul chun cinn a dhéanamh ach a fhad agus a urramaítear ina n-iomláine na gealltanais ar fad a tugadh go nuige seo, agus is díol sásaimh di i dtaca leis sin na dearbhuithe i scríbhinn ón bPríomh-Aire May, go háirithe maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí níos tréine i ndáil leis na saincheisteanna atá fanta agus a bhaineann leis an tarraingt siar, agus i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm críochach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, go háirithe a mhéid a bhaineann le Giobráltar, agus athdhearbhaíonn sí nach mbeidh aon ní aontaithe go mbeidh gach ní aontaithe.

2. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach treoirlínte an 29 Aibreán agus an 15 Nollaig 2017, agus athdhearbhaíonn sí iad; tá lánfheidhm acu i gcónaí agus caithfear cloí leis na prionsabail a leagtar amach iontu sa chaidreamh a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2018 maidir leis an gcreat do chaidreamh AE-RA sa todhchaí.

3. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuair a dhiongbháilte atá an tAontas go mbeidh an chomhpháirtíocht leis an Ríocht Aontaithe amach anseo chomh dlúth agus is féidir. Ba cheart don chomhpháirtíocht sin an trádáil agus an comhar eacnamaíoch a chumhdach mar aon le réimsí eile, go háirithe an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta, chomh maith le slándáil, cosaint, agus an beartas eachtrach.

4. San am céanna, caithfidh an tAontas Eorpach seasaimh na Ríochta Aontaithe mar atá siad curtha in iúl arís agus arís eile aici a chur san áireamh, ar seasaimh iad a chuireann teorainn le doimhneacht an chaidrimh sin a bheidh ann amach anseo. Más lasmuigh den aontas custaim agus den mhargadh aonair a bheifear, beidh teannas ann i gcúrsaí trádála; ní bheidh aon dul as sin. Fágann difríocht i dtaraifí seachtracha agus i rialacha inmheánacha, agus éagmais institiúidí agus córas dlí i gcomhpháirt, go mbeidh gá le seiceálacha agus rialuithe chun iomláine mhargadh aonair an Aontais agus iomláine mhargadh na Ríochta Aontaithe a chosaint. Faraor, beidh iarmhairtí diúltacha eacnamaíochta ag an méid sin, go háirithe sa Ríocht Aontaithe.

5. Ina fhianaise sin, leagann an Chomhairle Eorpach amach na treoirlínte seo a leanas d'fhonn tús a chur leis an gcaibidlíocht faoin tuiscint fhoriomlán i ndáil leis an gcreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo, tuiscint a dhéanfar a fhorbairt a thuilleadh i ndearbhú polaitiúil a bheidh ag gabháil leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus a mbeidh tagairt dó sa chomhaontú sin.

6. Tá leibhéal na gceart agus na n-oibleagáidí atá sa chur chuige a leagtar amach thíos ar aon dul leis na seasaimh atá léirithe ag an Ríocht Aontaithe féin. Dá dtiocfadh athrú ar na seasaimh sin, bheadh an tAontas sásta an tairiscint a athbhreithniú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i dtreoirlínte an 29 Aibreán agus an 15 Nollaig 2017 agus sna treoirlínte seo.

7. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go sonrach go gcaithfear aon chomhaontú a dhéanfar leis an Ríocht Aontaithe a bhunú ar chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí agus go gcaithfear cothrom na Féinne a áirithiú do chách leis. Stát nach Ballstát de chuid an Aontais é agus nach ionann na hoibleagáidí a chomhlíonann sé agus na hoibleagáidí a chomhlíonann Ballstát, ní fhéadfaidh sé na cearta céanna a bheith aige agus a bheadh ag Ballstát ná ní fhéadfaidh sé leas a bhaint as na sochair chéanna a mbainfeadh Ballstát leas astu.

   Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil na ceithre shaoirse dodhealaithe agus nach féidir "breith agus dhá rogha" a bheith i gceist trí rannpháirtíocht "earnáil ar earnáil" sa mhargadh aonair, rud a bhainfeadh an bonn d'iomláine agus de dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair.

   Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach freisin go gcaomhnóidh an tAontas a neamhspleáchas maidir leis an gcinnteoireacht a dhéanfaidh sé, rud a fhágfaidh nach mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach mar thríú tír in institiúidí an Aontais agus nach mbeidh sí rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais. Déanfar ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a lánurramú freisin.

8. Maidir le croí-mhianach an chaidrimh eacnamaíoch, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí réidh le tús a chur leis an obair chun teacht ar chomhaontú cothrom, uaillmhianach, fairsing saorthrádála, a mhéid is leor na ráthaíochtaí go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag cách. Cuirfear bailchríoch ar an gcomhaontú sin agus tabharfar i gcrích é tráth nach Ballstát í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Agus ní fhéadfaidh comhaontú den sórt sin na sochair chéanna a thairiscint agus a thairgeann ballraíocht ná ní fhéadfaidh sé tarlú gurb ionann an comhaontú agus a bheith rannpháirteach sa mhargadh aonair nó i gcodanna de. Bheadh an comhaontú dírithe ar an méid seo a leanas:

i) trádáil in earraí, agus é mar aidhm gach earnáil a chumhdach agus taraifí nialais a choinneáil, gan aon srianta cainníochtúla a bheith i gceist agus na rialacha iomchuí tionscnaimh ag gabháil leis na hearraí.

I gcomhthéacs foriomlán an chomhaontaithe saorthrádála, ba cheart an rochtain fhrithpháirteach, atá ann cheana féin, ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh, a choinneáil;

ii) comhar iomchuí custaim, lena gcaomhnófaí neamhspleáchas rialála agus dlínse na bpáirtithe agus iomláine aontas custaim an Aontais Eorpaigh;

iii) disciplíní maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta;

iv) creat don chomhar deonach rialála;

v) trádáil i seirbhísí, agus é mar aidhm go dtabharfaí rochtain ar mhargaí chun seirbhísí a sholáthar faoi rialacha an stáit óstaigh, lena n-áirítear i ndáil le ceart bunaíochta do sholáthraithe, a mhéid is comhsheasmhach sin leis an Ríocht Aontaithe a bheith ina tríú tír feasta agus an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bheith gan creat coitianta rialála, maoirseachta, forfheidhmithe ná breithiúnach a thuilleadh;

vi) rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí, infheistíochtaí agus cosaint ar chearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear tásca geografacha mar aon le réimsí eile a bhfuil leas ag an Aontas iontu.

9. Ba cheart don chomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo díriú ar dhúshláin dhomhanda, go háirithe i réimsí an athraithe aeráide, na forbartha inbhuanaithe agus an truaillithe trasteorann, áit ar cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe leanúint leis an dlúthchomhar atá eatarthu cheana féin.

10. Ba cheart forálacha uaillmhianacha a bheith sa chomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo, I ndáil le gluaiseacht daoine nádúrtha, bunaithe ar chómhalartacht iomlán agus neamh-idirdhealú idir na Ballstáit, agus i ndáil le réimsí gaolmhara amhail comhordú na gcóras slándála sóisialta agus aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí féachaint ar na roghanna atá ann maidir le comhar breithiúnach in ábhair maidir le pósadh, freagracht tuismitheora agus ábhair ghaolmhara eile, agus é á chur san áireamh gur tríú tír lasmuigh de limistéar Schengen a bheidh sa Ríocht Aontaithe agus go mbeadh dianchoimircí ag teastáil don chomhar sin chun go n-áiritheofaí lánurraim na gceart bunúsach.

11. Maidir le comhar socheacnamaíoch, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a shamhlú:

    i) maidir le seirbhísí iompair, ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann a áirithiú go mbeadh nascacht leanúnach ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, *inter alia*, trí chomhaontú aeriompair a bheith ann i dteannta comhaontuithe sábháilteachta agus slándála eitlíochta, chomh maith le comhaontuithe maidir le modhanna eile iompair, agus cothrom na Féinne á áirithiú do chách in earnálacha atá fíor-iomaíoch;

    ii) i ndáil le cláir áirithe de chuid an Aontais, e.g. i réimse an taighde agus na nuálaíochta agus i réimse an oideachais agus an chultúir, ba cheart do rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe a bheith faoi réir na gcoinníollacha ábhartha a bhíonn i gceist maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha, coinníollacha a leagfar síos sna cláir chomhfhreagracha.

12. I bhfianaise chóngaracht gheografach na Ríochta Aontaithe agus a hidirspleáchais eacnamaíochta le AE27, ní bheidh an caidreamh a bheidh ann amach anseo chun a sástachta ag an dá pháirtí mura mbíonn ráthaíochtaí daingne i gceist leis a thabharfaidh cothrom na Féinne do chách. Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann aon bhuntáiste iomaíochta míchothrom a d'fhéadfadh a bheith ag an Ríocht Aontaithe a chosc trí na leibhéil chosanta a laghdú i ndáil, *inter alia*, le hiomaíocht agus státchabhair, cáin, agus le bearta agus cleachtais sna réimsí sóisialta, comhshaoil agus rialála. Chuige sin, beidh meascán ag teastáil de rialacha substainteacha a bheidh ailínithe le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta, sásraí leordhóthanacha lena n-áireofar go mbeidh cur chun feidhme éifeachtach ann ar an leibhéal náisiúnta, sásraí forfheidhmithe agus réitigh díospóidí, sa chomhaontú, chomh maith le réitigh neamhspleácha de chuid an Aontais, agus iad ar fad i gcomhréir le doimhneacht agus fairsinge na nascachta eacnamaíche atá idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Aon chreat a bheidh ann amach anseo, ba cheart dó an chobhsaíocht airgeadais a choimirciú san Aontas agus córas rialála agus maoirseachta an Aontais, gona chaighdeáin rialála agus mhaoirseachta, mar aon lena gcur i bhfeidhm, a urramú.

13. I réimsí seachas réimse na trádála agus an chomhair eacnamaíoch, inar léirigh an tAontas cheana féin go bhfuil sé réidh le comhpháirtíochtaí sonracha a bhunú, measann an Chomhairle Eorpach:

    i) gur cheart gur cuid thábhachtach den chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, i bhfianaise na cóngarachta geografaí agus ó tharla na bagairtí céanna a bheith roimh an Aontas agus an Ríocht Aontaithe, agus é á chur san áireamh gur tríú tír lasmuigh de limistéar Schengen a bheidh sa Ríocht Aontaithe. Leis an gcomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo, ba cheart an malartú éifeachtach faisnéise, tacaíocht don chomhar oibríochtúil idir údaráis forfheidhmithe dlí, agus an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a chumhdach. Caithfear dianchoimircí a bhunú lena n-áiritheofar lánurraim do na cearta bunúsacha agus lena n-áiritheofar go mbeidh sásraí éifeachtacha forfheidhmithe agus réitigh díospóidí ann;

    ii) i bhfianaise na luachanna comhpháirteacha atá againn agus na ndúshlán coiteann atá romhainn, ba cheart dlúthchomhar a bheith idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimsí an bheartais eachtraigh agus an bheartais slándála agus cosanta. Leis an gcomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo, ba cheart neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais a urramú, agus é á chur san áireamh gur tríú tír a bheidh sa Ríocht Aontaithe, agus ba cheart foráil a dhéanamh do shásraí iomchuí idirphlé, comhairliúcháin, comhordúcháin, malartaithe faisnéise agus comhair. Mar réamhcheanglas don mhalartú faisnéise i gcomhthéacs an chomhair sin, chaithfeadh comhaontú maidir le slándáil faisnéise a bheith ann.

14. I bhfianaise a thábhachtaí atá sreabha sonraí i roinnt mhaith gnéithe den chaidreamh a bheidh ann amach anseo, ba cheart rialacha maidir le sonraí a bheith i gceist sa chomhaontú sin. Maidir le sonraí pearsanta, ba cheart an chosaint a rialú le rialacha an Aontais maidir le leordhóthanacht d'fhonn leibhéal cosanta a áirithiú a bheadh coibhéiseach, a bheag nó a mhór, le leibhéal cosanta an Aontais.

15. I dtaca le rialachas an chaidrimh a bheidh againn amach anseo leis an Ríocht Aontaithe, caithfear aghaidh a thabhairt ann ar bhainistiú agus maoirseacht, ar réiteach díospóidí agus forfheidhmiú, lena n-áirítear smachtbhannaí agus sásraí tras-fhrithbheartaíochta. Agus rialachas foriomlán an chaidrimh a bheidh ann amach anseo á dhearadh, caithfear an méid seo a leanas a chur san áireamh:

    i) inneachar agus doimhneacht an chaidrimh a bheidh ann amach anseo;

    ii) an gá atá le héifeachtacht agus cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú;

    iii) ceanglais neamhspleáchais dhlíchóras an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe mar atá forbartha sa dlí-eolaíocht.

16. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach, le tacaíocht ón gComhairle, de shúil ghéar a choinneáil ar gach gné den chaibidlíocht, agus fillfidh sí go háirithe ar na saincheisteanna atá fós ann i ndáil leis an tarraingt siar agus ar cheist an chreata don chaidreamh a bheidh ann amach anseo, ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh. Idir an dá linn, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus ar na Ballstáit leanúint orthu ag prapáil ar gach leibhéal do na hiarmhairtí a bheidh ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, agus na torthaí féideartha go léir á gcur san áireamh.